

CAIBIDIL 6: BEARTAS TIL – ÉIFEACHTAÍ NÍOS LEITHNE AGUS NÍOS FADTÉARMAÍ

Tá sé mar aidhm ag Caibidil 6 machnamh a dhéanamh ar an **tionchar** níos leithne a bheidh ag an mbeartas agus ag na cláir ghaolmhara ar an tsochaí thar an meántearma agus anonn san fhadtearma. Cuireann sé roimhe éifeachtaí níos leithne agus níos fadtéarmaí thacaí ioncaim leanaí don tsochaí ina iomláine a shainaithint; a mhéid a d'éirigh le beartas TIL a spriocanna níos leithne a bhaint amach; agus an é go bhfuil faisnéis níos fearr ag teastáil ón bpróiseas measúnaithe agus monatóireachta beartais chun ár dtuiscint ar thionchar an bheartais a fheabhsú. Cuireann an chaibidil leis an anailís a rinneadh roimhe seo i gCaibidil 4 a dhírigh ar thorthaí trí mhachnamh a dhéanamh ar thionchair níos leithne agus níos fadtéarmaí. Tugann Alt 6.1 aghaidh ar an gcaoi a réitíonn beartas agus cláir TIL le cláir bheartais phoiblí ábhartha eile fad is a dhéanann Alt 6.2 breithniú ar fhianaise a bhaineann le tionchair níos fadtéarmaí caiteachais.

6.1 Éifeachtaí níos leithne

Pléann an t-alt seo ceist an tionchair níos leithne a bheidh ag torthaí TIL agus tugann sé aghaidh freisin ar an gceist measúnaithe: *“cén chaoi a réitíonn na cláir le cláir bheartais phoiblí ábhartha eile?”* Díríonn measúnú an tionchair ar éifeachtaí socheacnamaíocha níos fadtéarmaí caiteachais lena n-áirítear an tionchar meántéarmach go fadtéarmach ar sprioc-thairbhíthe, an pháirt a imríonn an clár i gcur i bhfeidhm foriomlán an bheartais agus an tionchar atá ag creatlacha beartais eile. Tá na cláir atá faoi bhreithniú mar chuid den chreatlach tacaíochta níos leithne a sholáthraíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí agus den bheartas poiblí i leith teaghlach i gcoitinne (achomrithe cheana féin i gCaibidil 2).

Comhthéacs Níos Leithne

Tá an comhthéacs níos leithne do thorthaí atá dírithe ar leanaí leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000) a shainmhíníonn an fhís fhoriomlán d’ *“Éire ina mbíonn meas ar leanaí mar shaoránaigh óga atá in ann cur leis an tsochaí ar dhóigh luachmhar agus ina mbeidh guth suaithinseach acu; áit a dtugann a muintir féin agus an tsochaí i gcoitinne grá agus tacaíocht do gach leanbh; áit a mbeidh siad in ann óige shásta a chaitheamh agus áit a mbeidh siad ábalta a bpoitéinseal a bhaint amach.”*¹²⁷ Bunaíodh Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ) i 2005 chun ceapadh beartais do leanaí a dhéanamh níos comhtháití.

¹²⁷ *National Children’s Strategy Our Children – Their Lives*, l. 4.

Tá an oifig dírithe ar cheisteanna beartais a théann i gcion ar leanaí i limistéir amhail cúram na luath-óige agus oideachas, ceartas óige, leas agus cosaint leanaí, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus daoine óga, agus tionscnaimh chrosghearrthacha do leanaí. Freisin, déanann an OALGÓ maoirseacht straitéiseach ghinearálta ar chomhlachtaí atá freagrach as seirbhísí do leanaí a fhorbairt agus a sheachadadh.

Tá clár oibre beartais leagtha amach ag an Oifig¹²⁸ a shainmhíononn torthaí maithe do leanaí mar seo a leanas:


- sláintiúil, go fisiceach agus ó thaobh sláinte mheabhrach de
- á thacú i bhfoghlaím ghníomhach
- sábháilte ó dhíobháil de thaisme nó d'aon ghnó
- slán go heacnamaíoch
- slán sa timpeallacht láithreach agus sa mhórthimpeallacht fhisiceach
- mar chuid de ghréasáin dhearfacha de mhuintir, chairde, chomharsana agus an phobail i gcoitinne
- san áireamh agus páirteach sa tsochaí

Léirítear forbhreathnú de thorthaí TIL sa chreatlach beartais níos leithne seo i Figiúr 6-1. In éineacht le híocaíochtaí eile leasa shóisialaigh, cuidíonn TIL chun slándáil eacnamaíoch níos fearr a chur ar fáil do theaghlaigh le leanaí cleithiúnacha. Comhlánaítear an tslándáil eacnamaíoch seo le torthaí ó chlár eile chun tionchar níos leithne a imirt ar shaolta leanaí. Siúd is go mbíonn an tionchar is luaithe ar dhea-bhail ábhartha leanaí agus ar rochtain ar na nithe is gá chun freastal ar a riachtanais ó lá go lá, tá gá le slándáil eacnamaíoch níos mó chun a chinntiú go mbeidh leanaí in ann:-

- tairbhe a bhaint as cinntí tuismitheoireachta níos fearr toisc nach bhfuil tuismitheoirí ag fulaingt an oiread céanna struis is straidhne airgeadais,
- páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí a meastar a bheith normalach sa tsochaí,
- tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí eile a fheabhsaíonn a ndeiseanna sa saol (go háirithe na córais oideachais agus sláinte).

¹²⁸ *An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanaí: Lámhleabhar an Bheartais*, Oifig an Aire Leanaí (Baile Átha Cliath, 2007), l. 12.

Figiúr 6-1: Forbhreathnú ar thacaí ioncaim leanaí laistigh de chreatlach beartais níos leithne



Ba chóir machnamh a dhéanamh freisin ar éifeachtaí níos leithne agus níos fadtéarmaí TIL i gcomhthéacs tuarascála CNES *The Developmental Welfare State*,¹²⁹ a leagann amach creatlach d’fhonn coimirce shóisialach don phobal a fheabhsú. Cé go gcuireann an tuarascáil in iúl go bhfuil tacaí dóthanacha ioncaim riachtanach chun bheith in ann páirt shásúil a ghlacadh sa tsochaí, ní coinníoll dóthanach iontu féin iad. Maíonn an tuarascáil go bhfuil soláthar seirbhísí riachtanach agus leagann sí béim ar an ngá atá le bearta gníomhaíoch a chinntíonn go dtarlaíonn nuálaíocht shóisialta agus go bhfoghlaimítear ceachtanna uathí. Eilimint bhunúsach de chur chuige comhtháite maidir le soláthar coimirce sóisialaí is ea “uilíochas saincheaptha”. Ciallaíonn sé seo go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeán ar fáil trí rochtain uilíoch ach go mbíonn na bealaí rochtana saincheaptha le haghaidh cúinsí ar leith an duine aonair. Dá bhrí sin, úsáideann formhór mór na ndaoine an tsraith chéanna de sheirbhísí, rud a neartaíonn comhtháthú sóisialta agus a mbíonn ‘díbhinn seirbhísí’ mar thoradh air.

Freisin, léiríonn tuarascáil CNES gur gá measúnú a dhéanamh ar an riosca agus na guaiseacha a mbíonn ar dhaoine aonair aghaidh a thabhairt orthu agus na tacaí atá ar fáil dóibh tríd an gcur chuige saolré. Maidir le leanaí, maíonn an tuarascáil nár chóir rochtain ar na seirbhísí atá ag teastáil uaidh a dhiúltú do leanbh ar bith mar gheall ar chúinsí ioncam a thuismitheoirí. Ina theannta sin, deir tuarascáil NESC go mbíonn luach straitéiseach

¹²⁹ *The Developmental Welfare State*, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (Baile Átha Cliath, 2005).

eacnamaíoch agus sóisialta i gceist nuair a áirithítear rochtain éasca ar sheirbhísí do gach leanbh, go háirithe dóibh siúd atá ina ngátar. Molann an tuarascáil go dtabharfar tosaíocht do na leanaí is boichte sa Stát agus tuilleadh acmhainní do thacaí ioncaim leanaí á leithdáileadh. Mar chríoch, molann tuarascáil NESC go ndíreofar aire ar leith ar fhreastal ar riachtanais leanaí óga (0-6 bliana).

Comhlántachtaí féideartha idir chláir

Cé go bhféadann cláir aistrithe torthaí níos fearr (seachas sláine eacnamaíoch) a éascú ag leibhéal an teaghlaigh, is cosúil go bhfónann sineirgí idir chláir TIL agus cláir eile don chuspóir seo freisin. Má tá tuismitheoirí agus leanaí níos sláine go heacnamaíoch agus go bhfuil níos lú struis airgeadais ag cur isteach orthu is cosúla go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as cláir eile agus go mbeidh sláinte agus torthaí oideachais níos fearr acu. Dírímíd thíos ar thrí limistéar inar sainaitníodh an nasc idir thaca ioncaim agus torthaí eile.

Rannpháirtíocht in oideachas/rochtain ar sheirbhísí sláinte

Tá rochtain dhóthanach ar sheirbhísí sláinte agus ar dheiseanna oideachais riachtanach chun aosaigh féintuilleamaíocha a fhorbairt. Dá bhrí sin, féadann an t-eispéireas a bhíonn ag leanaí maidir le rannpháirtíocht in oideachas agus rochtain ar sheirbhísí sláinte iarmhairtí a bheith aige níos déanaí sa tsaoir agus féadann sé cuidiú chun a n-infhostaitheacht agus a dtáirgiúlacht nuair a shroicheann siad aois oibre a fheabhsú.

Léiríonn taighde a rinne an ITES ar airíonna teaghlach ina raibh leanaí ag maireachtáil sa bhochtaineacht agus atá bunaithe ar shonraí SILC 2007, go bhfuil gaol suntasach idir bhochtaineacht agus gnóthachtáil oideachasúil. Áit a raibh aosach gan cháilíocht mar cheann an teaghlaigh, bhí 35% de na leanaí i mbaol bochtaineachta fad is a fuarthas go raibh 16% acu i mbochtaineacht leanúnach. Do gach leibhéal breise cáilíochta tá titim forchéimnitheach i leibhéil bochtaineachta leanaí. A oiread agus go raibh níos lú ná 3% de leanaí 'i mbaol bochtaineachta' agus nach raibh duine ar bith acu i mbochtaineacht leanúnach i dteaghlaigh ina raibh cáilíocht tríú leibhéal ag an aosach a bhí mar cheann an teaghlaigh. Baineadh de thátal as an anailís gurb ionann cáilíochtaí ísle agus fáistineoir láidir bochtaineachta leanaí agus tugtar le tuiscint go bhfuil oideachas íseal ar cheann de na próisis trína ngintear míbhuntáiste.

Maidir le torthaí oideachasúla na leanaí féin, léiríonn léirmheas ar an litríocht agus ar chinntí an taighde ar threochtaí sóisialta rinne an CNES, go bhfuil dlúthghaol idir an aicme shóisialta agus rannpháirtíocht in oideachas. Thaispeáin anailís ar lucht fágála scoile ó 2007 gur tháinig

12% den chohórt a d'fhág an scoil gan cháilíocht ar bith ó chúlra na dífhostaíochta siúd is nár tháinig ach 2% nó níos lú ó chúlra sóisialta níos airde. Taispeánann an Tuarascáil ar Staid Leanaí an Náisiúin don bhliain 2008 freisin go bhfuil comhghaol idir mhíbhuntáiste sóisialta agus freastal scoile. De réir sonraí a bhaineann leis an scoilbhliain 2004/2005, chaill 34.8% de scoláirí iar-bhunscoile sna scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste 20 lá nó níos mó laethanta scoile sa bhliain acadúil, i gcomparáid le 9.2% de scoláirí iar-bhunscoile sna scoileanna is lú atá faoi mhíbhuntáiste. Mar an gcéanna, chaill scoláirí iar-bhunscoile sna scoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste 21 lá scoile ar an meán fad is gur chaill an dream atá sna scoileanna is lú atá faoi mhíbhuntáiste 10 lá.

Léirítear iarmhairt an fhreastail níos ísle i measc daoine a thagann ó chúlra sóisialta níos ísle i leibhéal a ngnóthachtála oideachasúla. De réir Clár Idirnáisiúnta Measúnaithe Daltaí an ECFE, a thomhasann cumas léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta daltaí 15 bliana d'aois, chruthaigh daltaí Éireannacha ón aicme shóisialta is ísle níos measa ar bhealach suntasach i gcomparáid leo siúd a tháinig ó chatagóir d'aicme shóisialta níos airde.¹³⁰ Ina theannta sin, is cosúla nach rachaidh daltaí a thagann ó chúlra sóisialta níos ísle ar aghaidh go dtí ardoideachas. Tugann taighde a rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas ar threochtaí i rannpháirtíocht in ard-oideachas le tuiscint gur thit an ráta rannpháirtíochta do leanaí na ndaoine a thagann ó chúlra socheacnamaíoch neamhláimhe ó 29% i 1998 go dtí idir 25% agus 27% i 2004. Tá sé suntasach gurb é seo an t-aon ghrúpa socheacnamaíoch amháin a chláraigh titim le linn na tréimhse seo nuair a mhéadaigh an ráta rannpháirtíochta foriomlán ó 44% go 55%.¹³¹ Mar thoradh ar na droch-thorthaí oideachais seo tagann méadú ar an gcosúlacht go mbeidh leanaí ó chúlraí socheacnamaíoch níos ísle dífhostaithe go fadtéarmach nó go mbeidh siad ina bhfostaithe ar bheagán oiliúna nó ar phá íseal.

Féadann sláinte agus forbairt choirp leanaí, b'fhéidir mar thoradh ar bhochtaineacht a d'fhulaing siad sa luath-óige, dul i gcion freisin ar dheiseanna fadtéarmacha saoil. Taispeánann anailís a rinne an ITES ar shonraí SILC ar stádas sláinte freagróirí an tsuirbhé, i gcásanna ina bhfuil fadhb sláinte ag ceann an teaghlaigh a chuireann teorainn mhór leis an ngníomhaíocht laethúil, go mbíonn an 'ráta i mbaol bochtaineachta' do leanaí 58% i gcomparáid le ráta de 17% i measc daoine nach bhfuil riocht ainsealach acu. Ina theannta sin, tá rátaí bochtaineachta leanúnacha do leanaí naoi n-uaire níos airde nuair atá fadhb sláinte ag ceann an teaghlaigh a chuireann teorainn mhór le gníomhaíocht i gcomparáid leo

¹³⁰ *Well-being Matters: A Social Report for Ireland*, Iml. 2 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (Baile Átha Cliath, 2009), lgh. 29 – 31.

State of the Nation's Children, Ireland 2008, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (Baile Átha Cliath, 2008), lgh. 77 – 90.

¹³¹ Selina McCoy, Delma Byrne, Philip J. O'Connell, Elish Kelly & Cliona Doherty, *Hidden Disadvantage? A Study on the Low Participation in Higher Education by the Non-Manual Group*, An tÚdarás um Ard Oideachas (2010), lgh. 2 – 3.

siúd nach bhfuil riocht ainsealach acu (46% i gcomparáid le 5%).¹³² Tugann sonraí a luadh sa tuarascáil ar Staid Leanaí an Náisiúin le tuiscint go bhfuil comhghaol idir ioncam íseal agus droch-thorthaí sláinte. Tomhas amháin is féidir a chomhcheangal le forbairt fhisiciúil, mheabhrach agus iompraíochta linbh is ea ísealmheáchan breithe agus téann folláine na máthar i gcion air seo. Thaispeáin sonraí ó 2005 gur rugadh an chomhréir is airde de naíonáin ísealmheáchain do mháithreacha a bhí dífhostaithe (8.1%). I gcomparáid leis seo, thaifeadaigh gairmithe ar ardghrád, bainisteoirí agus gairmithe ar ísealghrád go léir faoi bhun 5% fad is b'ionann an meán don stát agus 5.3%.¹³³

Fostaíocht tuismitheoirí agus íocaíocht as costais chúram leanaí

Bealach tábhachtach chun éalú ó bhochtaineacht do theaghlaigh agus dá leanaí is ea fostaíocht íoctha tuismitheoirí. Léiríonn taighde an ITES ar mhonatóireacht ar threochtaí bochtaineachta idir 2004 agus 2007 an dlúthghaol atá idir dífhostaíocht agus leibhéil bochtaineachta leanaí. Taispeánann anailís chúlchéimnithe ar shonraí SILC 2007 go bhfuil cosúlacht dhá uair déag níos mó ann go mbeidh leanbh atá ag maireachtáil le ceann teaghlaigh atá dífhostaithe i mbaol bochtaineachta agus cosúlacht ceithre huairé níos mó ann go mbeidh sé i mbochtaineacht leanúnach ná leanbh atá ag maireachtáil le ceann teaghlaigh fostaithe. Baineadh de thátaí as sin sa tuarascáil go raibh leanaí i dteaghlaigh dífhostaíochta an leochaileach don dá thomhas den bhochtaineacht. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hioncam íseal teaghlaigh dochar a dhéanamh d'fhorbairt leanaí agus dul i gcion ar a dtorthaí. Is éard atá i gceist i gcónaí maidir leis an dúshlán chun a chinntiú nach bhfuil leanaí ag maireachtáil i dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta ná dúshlán chun a chinntiú go bhfuil ioncam a dtuismitheoirí dóthanach.

Go minic, brathann fostaíocht tuismitheoirí, go háirithe fostaíocht na mban, ar sholáthar áiseanna cúraim leanaí atá oiriúnach agus cuí. Cé go ndearnadh infheistíocht shuntasach chun breis áiteanna cúraim leanaí a chruthú sna deich mbliana atá thart, d'fhan costais chúraim leanaí ard i gcoibhneas le costais idirnáisiúnta.¹³⁴ Tugadh le fios i gceann de na haighneachtaí don Athbhreithniú mar chuid den phróiseas comhairliúcháin go mbaineann buntáistí soiléire le luathchúram agus oideachas ardchaighdeáin leanaí i dtéarmaí forbartha leanaí agus go n-imríonn siad ról tábhachtach chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí.

¹³² Helen Russell, Bertrand Maitre, agus Brian Nolan, *Monitoring Poverty Trends in Ireland 2004 -2007: Key Issues for Children, People of Working Age and Older People*, lgh. 44, 49.

¹³³ *The State of the Nation's Children, Ireland 2008*, lgh. 94 – 95.

¹³⁴ *Well-being Matters: A Social Report for Ireland, Iml. 2*, p. 28.

Ceist choinníollacht na n-íocaíochtaí

An bhféadfaí na comhlántachtaí a neartú trí nasc díreach a chruthú idir íocaíochtaí airgid a fháil agus rannpháirtíocht i dtorthaí eile? I mórán tíortha i mbéal forbartha, tá íocaíochtaí teaghlaigh agus íocaíochtaí a bhaineann le leanaí á dtabhairt isteach mar aistrithe airgid thirim coinníollacha áit nach bhfaigheann tuismitheoirí tacaíocht airgeadais ach amháin má bhaineann siad leas as “*coinníollachtaí an chaipitil dhaonna*” atá ceaptha chun torthaí níos fearr a aimsiú do bhochtaineacht agus leochaileachtaí eacnamaíocha. Mar shampla, d’fhéadfadh riachtanais cosúil le freastal scoile, gnóthachtálacha acadúla de chuid leanaí, cuairteanna ar chlinic, aimsiú spriocanna beathaithe, oideachas aosach, srl., a bheith ina measc.¹³⁵ Sampla de chlár mar seo is ea *Bolsa Familia* na Brasaíle, a íocann timpeall \$12 in aghaidh na míosa an leanbh do cheann an teaghlaigh ar choinníoll go bhfanann an leanbh in oideachas agus go bhfaigheann sé scrúdú sláinte go rialta. Deirtear gur imir an clár seo ról mór chun leibhéil na bochtaineachta a laghdú sa Bhrasaíl, go háirithe i gceantair tuaithe, siúd is go bhfuil an bhochtaineacht ina fhadhb an-mhór i gcónaí i limistéir uirbeacha.¹³⁶

Is annamh a dhéantar tograí chun a leithéid de choinníollachtaí a thabhairt isteach i dtíortha forbartha amhail Éire ach is rud é a tharlaíonn ó am go chéile agus is minic a bhíonn sé nasctha le rannpháirtíocht i gcláir oideachais nó sláinte. Mar shampla, chun bheith i dteideal íocaíochtaí sochair chúram leanaí a fháil san Astráil, ní mór do leanaí riachtanais áirithe imdhíonta a chomhlíonadh má tá an leanbh faoi bhun seacht mbliana d’aois. Chuidigh an beartas seo chun líon na ndaoine a fhaigheann vaicsáiníú a mhéadú i dtír ina raibh an líon seo i gcónaí íseal.¹³⁷ I gcomparáid le stáit fhorbartha eile, tá rátaí imhdhíonadh óige níos ísle ag Éirinn. Thaispeáin an tuarascáil ar Staid Leanaí an Náisiúin go raibh an ráta vaicsáiníthe don aoisghrúpa ábhartha in Éirinn i 2006 idir 86% agus 91% do vacsaíní éagsúla. Ar bhonn na bhfigiúirí seo, tá Éire fós faoi sprioc na hÉagraíochta Domhanda Sláinte d’imdhíonadh 95% do leanaí.¹³⁸ Mar is léir, áfach, ó na haighneachtaí a rinneadh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, is beag fonn atá ar an bpobal chun íocaíochtaí TIL a nascadh le rannpháirtíocht i gcláir eile a d’fhéadfadh torthaí leanaí a fheabhsú. Ina ionad sin bhí an fócas ar rochtain ar sheirbhísí atá bainteach le leanaí a fheabhsú.

¹³⁵ Michael Samson, Ingrid van Niekerk, Kenneth Mac Quene, *Designing and Implementing Social Transfer Programmes*, Economic Policy Research Institute (Cape Town, 2006).

¹³⁶ <http://www.economist.com/node/16690887>, rochtain faighte ar 9 Lúnasa 2010.

¹³⁷ <http://www.familyassist.gov.au/payments/family-assistance-payments/child-care-benefit/immunisation-requirements.html>, rochtain faighte ar 30 Lúnasa 2010.

¹³⁸ *The State of the Nation’s Children, Ireland 2008*, lgh. 191 – 99.

Comhbhabhtálacha féideartha idir chlár

Níl aon fhianaise ann go lagódh íocaíochtaí TIL rannpháirtíocht i gclár eile atá ag iarraidh torthaí leanaí a fheabhsú. Má tá comhbhabhtálacha ann is cosúil go bhfeicfear iad ag leibhéal foriomlán airgeadais áit a chuireann caiteachas ar chlár amháin cosc ar chaiteachas ar chlár eile. Mar shampla, an bhféadfaí an sprioc ginearálta chun torthaí do leanaí a fheabhsú a bhaint amach ar bhealach níos fearr trí acmhainní airgeadais a aistriú ó thaca ioncaim leanaí chuig clár eile atá ceaptha chun leas leanaí a fheabhsú (amhail seirbhísí atá bainteach le leanaí)? Ag leibhéal soláthar seirbhísí, d'fhéadfaí ceist a chur chun a fháil amach cad iad na seirbhísí ar leith atá bainteach le leanaí a bhfuil an poitéinseal is mó acu chun tuismitheoirí a fhuascailt ó chostais a bhaineann le tógáil leanaí rud a chuirfeadh ar ár gcumas acmhainní a athleithroinnt ó thaca ioncaim go seirbhísí? Sampla mar seo a bheadh i gceist dá gcuirfí an SCOL in ionad an FLL.

Ina athbhreithniú ar threochtaí bochtaineachta le linn na tréimhse 2004 – 2007, thug an ITES dá aire siúd is go bhfuil tábhacht ag baint le taca ioncaim do leanaí in Éirinn go bhfuil ról freisin ag an gcóras leasa níos leithne, lena n-áirítear seirbhísí neamhairgid, agus tacaí fostaíochta níos leithne do thuismitheoirí, chun bochtaineacht leanaí a laghdú. Agus iad ag déanamh trácht ar an fhianaise idirnáisiúnta, fuair siad amach nach raibh ardleibhéal íocaíochtaí taca ioncaim leanaí de riachtanas ag na tíortha is feidhmiúla maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú. Ina ionad sin fuair siad amach nach mbaineann na réitigh níos éifeachtaí chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí le leas amháin, nó le fostaíocht amháin, ach leis an dá rud in éineacht lena chéile.

Fionnachtain 6-1: Comhlánaíonn TIL clár agus seirbhísí chun torthaí níos fearr do leanaí a éascú

Cé go gcuireann clár TIL le sláine eacnamaíoch teaghlach, díorthaítear torthaí dearfacha do leanaí ó réimse clár níos leithne. Tá fianaise den phoitéinseal do chomhlántachtaí idir thaca ioncaim agus soláthar seirbhísí chun torthaí níos fearr do leanaí a éascú le fáil sa taighde ar an ngaol idir bhochtaineacht agus gnóthachtáil oideachasúil íseal agus stádas sláinte. Féadann rochtain dhóthanach ar sheirbhísí dá leithéid le linn óige an duine cuidiú chun deiseanna sa saol agus infhostaitheacht a fheabhsú nuair a shroictear aosacht. Léiríodh freisin an tábhacht a bhaineann le fostaíocht tuismitheoirí mar bhealach chun éalú ón mbochtaineacht do leanaí agus dá dteaghlach, ach tarlaíonn sé go mbíonn fostaíocht tuismitheoirí ag brath ar sholáthar seirbhísí cúraim leanaí. Ag féachaint d'airíonna iltoiseacha bhochtaineacht leanaí, ní leor clár TIL iontu féin chun bochtaineacht leanaí a laghdú. Chun an toradh seo a bhaint amach caithfear sineirgí éifeachtacha idir sheirbhísí, tacaí ioncaim agus tacaí fostaíochta níos leithne a chruthú. Níl sé soiléir go mba chóir go rachfaí chomh fada le rannpháirtíocht i gclár eile a chur de choinníoll ar íocaíochtaí TIL ag an bpointe seo.

6.2 Éifeachtaí níos fadtéarmaí

Tá sé mar aidhm ag an alt seo aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna measúnaithe ar leith: *Cad iad na tionchair mheántéarmacha go fadtéarmacha ar thairbhíthe beartaithe?*

Má bhíonn leanaí ag maireachtáil i mbochtaineacht cén éifeacht a bhíonn aige seo ar a ndeiseanna níos faide anonn sa saol? Is féidir teacht ar roinnt freagraí ar an gceist seo i modul de shuirbhé ar sheachadadh na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a bhí mar chuid de shuirbhé SILC na bliana 2005. Sa mhodúl seo, cuireadh ceisteanna ar dhaoine idir 25-65 bliain maidir le struchtúr an teaghlaigh agus na cúinsí socheacnamaíocha a raibh taithí acu orthu mar dhéagóirí. Dá bharr sin clúdaíonn an fhaisnéis a fuarthas ó na ceisteanna seo tréimhse 40 bliain ó na luath-1950í go dtí na luath-1990í. Seo cuid de na torthaí:

- Bhí cosúlacht níos mó ann go mbeadh taithí ar an mbochtaineacht ag aosaigh a raibh deacrachtaí airgeadais acu ‘an chuid is mó den am nó go minic’ i mblianta na ndéaga.
- Bhí sé dhá oiread níos cosúla go mbeadh daoine a raibh deacrachtaí airgeadais acu ‘an chuid is mó den am nó go minic’ i mblianta na ndéaga ‘i mbaol bochtaineachta’ sa bhliain 2005, ná daoine nach raibh deacrachtaí airgeadais ‘riamh’ acu mar dhéagóirí. Bhí sé ceithre huairé níos cosúla freisin go mbeadh na freagróirí seo i mbochtaineacht leanúnach.
- Bhí cosúlacht níos mó ann freisin go mbeadh freagróirí a raibh deacrachtaí airgeadais acu ‘an chuid is mó den am nó go minic’ i mblianta na ndéaga dífhostaithe sa bhliain 2005 (32.8%) agus gan ach 16% den ghrúpa seo ag tuairisciú go raibh siad ag obair.
- Bhí tionchar freisin ag méid an teaghlaigh agus iad ina ndéagóirí ar leibhéal na bochtaineachta a d’fhulaing na freagróirí mar aosaigh. Bhí cosúlacht níos mó ann go mbeadh taithí ag daoine ó theaghlaigh níos mó ar an mbochtaineacht mar aosaigh agus tuairiscíodh go raibh 22.9% díobh siúd a mhair le seachtar nó níos mó siblíní mar dhéagóirí ‘i mbaol bochtaineachta’ i gcomparáid le 14.6% díobh siúd a mhair le níos lú na triúr siblíní.
- Taispeánann stádas eacnamaíoch tuismitheora comhghaolú láidir le taithí ar an mbochtaineacht. Bhí sé beagnach trí huairé níos cosúla go mbeadh daoine a mhair mar dhéagóirí i dteaghlaigh ina raibh an bheirt tuismitheoir as obair ‘i mbaol bochtaineachta’ sa bhliain 2005 ná daoine a mhair i dteaghlaigh ina raibh an bheirt

tuismitheoir ag obair. Chonacthas treocht dá samhail maidir leo siúd a bhí i mbochtaineacht leanúnach.

Tá roinnt difríochtaí suntasacha laistigh den cohórt 40 bliain seo, a léiríonn na hathruithe socheacnamaíocha a tharla in Éirinn thar an tréimhse seo. Bhí cosúlacht níos lú ann go raibh taithí ar dheacrachtaí airgeadais ag an aoisghrúpa níos óige, daoine idir 25 agus 34 bliain d'aois, 'an chuid is mó den am nó go minic' i mblianta a ndéaga ná an t-aoisghrúpa níos aosta díobh siúd a bhí 50 – 65 bliain d'aois: 14.6% i gcomparáid le 27.2%. I dtéarmaí tuismitheoirí ag obair, bhí 32.7% den cohórt a bhí 25 – 34 bliain d'aois ina gcónaí i dteaghlaigh ina raibh an bheirt tuismitheoir ag obair i gcomparáid le 12.9% den cohórt a bhí 50 – 65 bliain d'aois.

Is féidir roinnt conclúidí trialacha a bhaint as na torthaí seo. Sé an rud is tábhachtaí a fuarthas amach ná go méadaíonn an dóchúlacht go mairfidh duine i mbochtaineacht mar aosach más rud é gur mhair sé i mbochtaineacht roimh 18 mbliana d'aois. Is deacair a aithint ón suirbhé seo cén ról a d'imir TIL chun deacracht airgeadais a mhaolú. Ar aon nós, is féidir a rá gur tháinig laghdú ar leibhéal na ndeacrachtaí airgeadais a bhí ag freagróirí an tsuirbhé mar gheall ar thosca éagsúla, agus go háirithe mar gheall ar rochtain níos fearr ar oideachas agus forleathnú mhargadh an tsaothair ó dheireadh na 1960í ar aghaidh. Ar an lámh eile, thabharfadh an fhianaise seo le tuiscint go bhfuil lagú éigin ag teacht ar sheachadadh bochtaineachta ó ghlúin go glúin.

Tá na torthaí seo i gcomhréir le hanailís a rinne an ECFE a thaispeáinann nach ndealraíonn sé go bhfuil an gaol idir ioncaim tuismitheoirí agus ioncaim a leanaí ag éirí níos láidre le himeacht aimsire ar fud limistéir an ECFE. Tugann taighde an ECFE le tuiscint, áfach, go bhfuil neamhionannas ó ghlúin go glúin, coincheap atá níos leithne ná bochtaineacht, níos airde ná mar a ceapadh glúin ó shin. Thairis sin, ní hioncaim tuismitheoirí a bheith níos ísle an t-aon rud amháin is cúis le seachadadh neamhionannais ó ghlúin go glúin, ach téann réimse cúinsí amhail sláinte, suíomh geografach agus gréasáin shóisialta i gcion air. Déanta na fírinne, tá sé an deacair a rá go sonrach gurb é an tionchar a bhí ag easpa ioncaim i rith óige an duine ná easpa deiseanna níos déanaí sa saol.

Ina theannta sin, cinneadh gurb í an ionstraim dhíreach pholasáí is tábhachtaí atá ar fáil de réir dealraimh chun neamhionannas ó ghlúin go glúin a laghdú ná an t-oideachas. Ar an taobh eile den scéal, má táthar i gcleithiúnas ar íocaíochtaí leasa éigníomhacha, amhail sochair fhadtéarmacha aontuismitheora nach bhfuil de réir tástála oibre, is cosúil gurb é an toradh a bheidh air seo ná go leanfar ar aghaidh ó ghlúin go glúin de bheith ag i gcleithiúnas

ar shochair agus go ndéanfar an bhochtaineacht a sheachadadh ó ghlúin go glúin.¹³⁹ Mar sin féin, tá sé soiléir gurb í óige an duine an tréimhse sa saolré ina mbíonn an tionchar is mó ag infheistíochtaí an teaghlaigh agus an rialtais ar an méid neamhionannais a tharlaíonn ó ghlúin go glúin.

Fionnachtain 6-2: Féadann iarmhairtí níos fadtéarmaí a bheith ann do leanaí atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht

Is léir ó thaighde ar na héifeachtaí a leanann ó bheith ag maireachtáil faoi bhochtaineacht gur cosúla go mbeidh ioncam íseal acu féin ag páistí atá ag maireachtáil i dteaghlaigh ar ioncam íseal, nuair a shroichfidh siad aosacht. Thairis sin, taispeánadh go raibh tionchar ag na deacrachtaí airgeadais a bhí ag tuismitheoirí ar a leanaí, agus go raibh éifeacht theorantach aige seo ar a ndeiseanna níos déanaí sa saol. Tá sé rithábhachtach gur aithníodh go raibh tionchar níos leithne ag seirbhísí amhail oideachas mar idirghabháil thábhachtach pholasaí a fhéadann cuidiú chun seachadadh na bochtaineachta agus an neamhionannais ó ghlúin go glúin a laghdú.

6.3 Achoimre

Rinne Caibidil 6 breithniú ar an tionchar níos leithne atá ag beartas TIL agus cláir ghaolmhara ar an tsochaí thar an meántéarma agus san fhadtéarma, ag díriú ar na torthaí do leanaí thar réimse toisí. Thug Alt 6.1 aghaidh ar an gceist faoin chaoi a réitíonn beartais agus cláir TIL le cláir bheartais phoiblí ábhartha eile. Tá comhthéacs níos leithne thacaí TIL suite laistigh de raon na Straitéise Náisiúnta Leanaí agus clár oibre beartais Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Leagann an clár oibre beartais seo sláine eacnamaíoch amach mar ceann de na torthaí maithe do leanaí agus comhlánaíonn sé torthaí ó chláir eile chun tionchar níos leithne a imirt ar shaolta leanaí. Rinneadh athbhreithniú ar an nasc idir thacaí ioncaim agus torthaí eile i gcomhthéacs na rannpháirtíochta in oideachas/rochtain ar sheirbhísí sláinte; fostaíocht tuismitheoirí agus costais chúraim leanaí; agus ceist coinníollacha na n-íocaíochtaí. Cé go dtugann an fhianaise le tuiscint go bhfuil droch-thorthaí oideachasúla agus sláinte ann dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta leanaí agus go gcuireann sé in iúl go soiléir gur féidir le rochtain dhóthanach ar sheirbhísí dá leithéid cuidiú chun deiseanna saoil agus infhostaitheacht a fheabhsú nuair a shroicheann leanann aosacht, dealraíonn sé gur beag an fonn atá ar an bpobal chun cláir TIL a dhéanamh coinníollach ar rannpháirtíocht i gcláir a bhaineann leis na seirbhísí seo. Ar an lámh eile de, féadann an tábhacht a bhaineann le fostaíocht íochta tuismitheoirí mar bhealach chun éalú ón mbochtaineacht do theaghlaigh agus dá leanaí a bheith teagmhasach ar sholáthar áiseanna cúraim leanaí. Bhain Alt 6.1 de

¹³⁹ Simon Chapple and Dominic Richardson, *Doing Better for Children*, ECFE (Páras, 2009), lgh. 147 – 162.

thátal as an anailís seo nach bhfuil cláir TIL dóthanach as a gceart féin chun dul i ngleic le nádúr iltoiseach bochtaineachta leanaí agus go mba chóir go gcomhlánódh íocaíochtaí TIL soláthar seirbhísí a bhaineann le leanaí.

Déanann Alt 6.2 machnamh ar an fhianaise maidir le tionchair níos fadtéarmaí caiteachais agus taispeánann sé go raibh cosúlacht níos mó ann go mbeadh ioncam íseal acu féin ag leanaí a bhí ag maireachtáil i dteaghlaigh ar ioncam íseal, nuair a shroich siad aosacht. Is féidir a fheiceáil go bhfuil éifeacht theorantach ag seachadadh na bochtaineachta ó ghlúin go glúin ar dheiseanna leanaí níos déanaí sa saol agus ba chóir machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht TIL, agus go deimhin éifeachtacht na gclár níos leithne i dtaca leis seo.

